Coimisiún na Scrúduithe Stáit
SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2018

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO ☛**

# CEOL – ARDLEIBHÉAL
## CUMADÓIREACHT (100 marc)
## DÉARDAOIN 21 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 3:15–4:45

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | | | |
| 2 | | | | |
| 3 | | | | |
| 4 | | | | |
| 5 | | | | |
| 6 | | | | |
| IOMLÁN | | | | |
| GRÁD | | | | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- ❐ Scríobh do scrúduimhir sa bhosca thuas.
- ❐ Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa fhreagarleabhar seo.
- ❐ Bain úsáid as na cliatha folmha ar fud an fhreagarleabhair do shracobair.

| | |
|---|---|
| **1. Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh** | |
| **2. Móriomlán na gceisteanna dícheadaithe uile** | |
| **3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2)** | |

## SRACOBAIR

**Freagair DHÁ cheist**
**Ceist AMHÁIN as Roinn A (Cumadóireacht Séise) agus ceist AMHÁIN as Roinn B (Armóin)**

## ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (40 marc)

Gan ach ceist **amháin** a fhreagairt sa roinn seo: C1 nó C2 nó C3.

### C.1 LEANÚINT D'OSCAILT A THUGTAR

- Lean ar aghaidh leis an oscailt thíos chun séis 16 bharra a dhéanamh.
- Cuir comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

❒ óbó ❒ veidhlín ❒ trumpa ❒ fliúit




**(40)**

## C.2 CEOL A CHUR LE TÉACS A THUGTAR

Seo a leanas sliocht as an dán *An Díbirt go Connachta* le Feardorcha Ó Mealláin.

In ainm an Athar go mbuaidh,
in ainm an Mhic fuair an phian,
in ainm an Spioraid Naoimh le neart,
Muire's a Mac linn ag triall.

Cuireadh ceol leis an gcéad líne thíos.

• Cuir ceol leis na focail eile chun séis 16 bharra a dhéanamh.
(Ta cead agat níos mó ná an líon barraí seo a bheith ann agus bíodh modhnú san áireamh agat, más mian leat.)
• Cuir comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.




**(40)**



| lch. | iom. reatha |
| --- | --- |
| | |

## C.3 CUMADÓIREACHT DO RITHIM NÓ DO MHEADARACHT NÓ D’FHOIRM DAMHSA A THUGTAR

Tugtar mír oscailte gabhóide thíos.

- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis 16 bharra a dhéanamh.
- Úsáid an fhoirm $AA^1BB^1$.
- Bíodh modhnú go dtí an ceannasach san áireamh agat ag pointe oiriúnach.
- Cuir comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

❒ trumpa ❒ veidhlín ❒ corn ❒ fliúit




**(40)**

**ROINN B – ARMÓIN (60 marc)**


Gan ach ceist **amháin** a fhreagairt sa roinn seo: C4 nó C5 nó C6.

## C.4 CUMADÓIREACHT NÓTAÍ SÉISE AGUS DORDNÓTAÍ Ó SHRAITH CORDAÍ

RÉAMHOBAIR

- Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit i mionghléas A i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos.

| Nótaí an chorda | E<br>C<br>A | F<br>D<br>B | G♯<br>E<br>C | | | | D<br>B<br>G♯ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail an chorda | Am | B° | C⁺ | | | | G♯° |
| An uimhir Rómhánach | i | ii° | III⁺ | iv | V | VI | vii° |




**SRACOBAIR**

**DON SCRÚDAITHEOIR**

| Dordnótaí | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Cáilíocht na dordlíne | | | | |
| Séis | | | | |



| lch. | iom. reatha |
|---|---|
| | |

- Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.
- Ag baint úsáide duit as na cordaí a thaispeántar, cum nótaí séise agus dordnótaí chun an dréacht a chríochnú sa stíl a thugtar.





**(60)**

## C.5 DORDNÓTAÍ AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUMADH D'FHONN A THUGTAR

RÉAMHOBAIR

• Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit i mionghléas G i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | D<br>B♭<br>G | E♭<br>C<br>A | F♯<br>D<br>B♭ | | | | C<br>A<br>F♯ |
| Siombail an chorda | Gm | A° | B♭⁺ | | | | F♯° |
| An uimhir Rómhánach | i | ii° | III⁺ | iv | V | VI | vii° |




**SRACOBAIR**

**DON SCRÚDAITHEOIR**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Cordaí | | | | |
| Cáilíocht na réimnithe cordaí | | | | |
| Dordnótaí | | | | |
| Cáilíocht na dordlíne | | | | |

• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.
• Cuir isteach dordnótaí agus comharthaí corda oiriúnacha i stíl na hoscailte a thugtar.
• Ná bíodh an corda céanna agat sa suíomh céanna i mboscaí le hais a chéile.
• Is ceadmhach úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint as an dá cheann.





**(60)**

**C.6 CUNTRA-SHÉIS NÓ FORSHÉIS AGUS TACA CORDÚIL A CHUR LE FONN A THUGTAR**

RÉAMHOBAIR

- Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit i mórghléas D i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | A<br>F♯<br>D | | C♯<br>A<br>F♯ | | | | G<br>E<br>C♯ |
| Siombail an chorda | D | | F♯m | | | | C♯° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




**SRACOBAIR**

**DON SCRÚDITHEOIR**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Cordaí | | | | |
| Cáilíocht na réimnithe cordaí | | | | |
| Forshéis | | | | |

• Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo thíos.
• Cuir isteach comharthaí cordaí oiriúnacha sna boscaí atá ann dóibh.
• Lean le páirt na forshéise sa stíl a thugtar chun an dréacht a chríochnú.
• Ná bíodh an corda céanna agat sa suíomh céanna i mboscaí le hais a chéile.
• Is ceadmhach úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint as an dá cheann.




**(60)**

## SRACOBAIR

**SRACOBAIR**

## SRACOBAIR

**SRACOBAIR**

**Leathanach bán**

**2018. M53T**

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2018

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

**CEOL – ARDLEIBHÉAL**

**ÉISTEACHT – ÁBHAR ROGHNACH (100 marc)**

**DÉARDAOIN 21 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 5:00–5:45**

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC | | |
|---|---|---|---|
| 1–4 | | | |
| IOMLÁN | | | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | | | |
| MÓRIOM. | | | |
| GRÁD | | | |

## TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ

- Scríobh do scrúduimhir sa bhosca thuas.
- Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa fhreagarleabhar seo.
- Baileoidh an Feitheoir do thaifeadadh fuaime réamhullmhaithe don ábhar roghnach seo.

**Freagair gach ceist.**

1. Luaigh an teideal ar do thopaic Roghnach Éisteachta.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. Liostaigh trí cinn de na foinsí a d'úsáid tú nuair a bhí staidéar á dhéanamh agat ar an topaic seo. Tá sonraí iomlána do chuid foinsí uile riachtanach. Má tá an t-idirlíon ar cheann de na foinsí agat, tabhair seoladh iomlán an tsuímh ghréasáin a d'úsáid tú le linn do thaighde.

(i) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

3. Ainmnigh cúig phíosa ceoil, chomh maith leis an gcumadóir nó leis an gceoltóir, a ndearna tú staidéar orthu mar chuid den ábhar roghnach seo agus atá ar an taifeadadh fuaime agat.

| Píosa | Cumadóir nó Ceoltóir |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |
| 4. | |
| 5. | |

4.(a) Sainaithin trí ghné shuntasacha ceoil den topaic atá roghnaithe agat.

(i) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(b) Tabhair cuntas ar do thopaic roghnaithe agus déan cinnte de

- go ndéanann tú cur síos ar na trí ghné cheoil atá sainaitheanta thuas agat
- go dtaispeánann tú conas atá na trí ghné atá roghnaithe agat, agus gnéithe ceoil eile, i láthair sa cheol a bhfuil staidéar déanta agat air don ábhar roghnach seo
- go dtagraíonn tú do na sleachta ceoil uile atá ar do thaifeadadh
- go gcuireann tú san áireamh an chaoi a ndeachaigh an topaic roghnaithe i bhfeidhm ort féin.

Leathanach bán

**2018. M52T**

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2018

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

# CEOL – ARDLEIBHÉAL
# ÉISTEACHT – CROÍCHÚRSA (100 marc)
# DÉARDAOIN 21 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1:30–3:00

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| C | MARC | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | | | |
| 2 | | | | |
| 3 | | | | |
| 4 | | | | |
| 5 | | | | |
| 6 | | | | |
| IOMLÁN | | | | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | | | | |
| MÓRIOM | | | | |
| GRÁD | | | | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- ❒ Scríobh do scrúduimhir sa bhosca thuas.
- ❒ Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an sliocht trialach. Mura féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, cuir in iúl don fheitheoir láithreach bonn é.
- ❒ Éist go gcloisfidh tú an ghíog rabhaidh agus na fógraí ar an taifeadadh.
- ❒ Scríobh do chuid freagraí uile sa fhreagarleabhar seo sna spásanna atá ann dóibh. I gceisteanna ina bhfuil rogha, cuir tic sa bhosca cuí.
- ❒ Tá leathanaigh don tsracobair san áireamh sa fhreagarleabhar seo.

**C. 1** Ceithre shliocht as *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* le Tchaikovsky.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1 den chéad uair. Freagair (i) agus (ii).**

(i) Is é an téama ar bhfuil an tséis a chloistear i dtús an tsleachta bunaithe ná

❐ téama an Ghrá ❐ téama an Achrainn ❐ téama Friar Lawrence

(ii) Is as an gcuid seo a baineadh an sliocht

❐ an Foilsiú ❐ an Fhorbairt ❐ an tAthfhoilsiú

**Sliocht 1 den dara huair. Freagair (iii).**

(iii) Tá dialóg ainteafanúil ina gné den ceol sa sliocht seo.

Mínigh dialóg ainteafanúil agus tú ag tagairt don cheol a chloistear sa sliocht seo.


____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

**Sliocht 1, a sheinnfear dhá uair eile. Freagair (iv).**

(iv) Tá an chéad dá bharra den tséis priontáilte thíos. Cuir isteach na ceithre nóta atá ar iarraidh sna barraí 3-4 atá marcáilte le **X** ar an scór.




**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

(i) Déan cur síos ar dhá dhifríocht idir an ceol a chloistear sa sliocht seo agus an ceol a chloistear i Sliocht 1. Déan tagairt don dá shliocht i do fhreagra.

1ú difríocht: ______________________________________

____________________________________________

2ú difríocht: ______________________________________

____________________________________________

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire.**

(i) Is orthu seo a sheinntear an tséis ag an tús:

☐ coirn, cláirnéidí agus basúin

☐ trumpa, fliúit agus veidhlíní

☐ dordveidhilí agus olldoird

(ii) Tá tonúlacht an cheoil sa sliocht seo

☐ mór ☐ mion ☐ atonúil

(iii) Sainaithin dhá ghné den cheol a chloistear sa sliocht seo.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________

**Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire.**

(i) Cé acu ceann de na rithimí seo a leanas a chloistear go ciúin sa chúlra?

☐ 𝄽 ♩ 𝄽 ♩ ☐ ♩ 𝄽 ♩ 𝄽 ☐ ♩ ♩ ♩ ♩

(ii) Déan cur síos ar dhá ghné den cheol a chloistear go díreach i ndiaidh an cheoil sa sliocht seo in *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet*.

Gné 1: ______________________________________________

______________________________________________

Gné 2: ______________________________________________

______________________________________________

**(25)**

**C. 2** Sliocht as *Bohemian Rhapsody* le Freddie Mercury a sheinntear trí huaire.

- Tá na liricí priontáilte thíos.

| | |
|---|---|
| Line 1 | Is this the real life? Is this just fantasy? |
| Line 2 | Caught in a landslide, No escape from reality. |
| Line 3 | Open your eyes, Look up to the skies and see. |
| Line 4 | I'm just a poor boy, I need no sympathy. |
| Line 5 | Because I'm easy come, easy go, little high, little low. |
| Line 6 | Any way the wind blows doesn't really matter to me, to me. |

- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Sainaithin dhá ghné den cheol gutha sna línte 1–2.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________

(ii) Déan cur síos ar ghné amháin den tionlacan i líne 3.

______________________________________________

______________________________________________

(iii) Tá sé seo ina gné den ceol i líne 5:

❐ aithris ❐ gluaiseacht chrómatach ❐ tríphléadaigh

(iv) Sainaithin sampla amháin den fhocaldathú mar a chloistear sa sliocht seo é agus déan cur síos air.

______________________________________________

______________________________________________

(v) Déan cur síos ar dhá dhifríocht idir an ceol a chloistear sa sliocht seo agus an ceol sa rannóg cheoldrámata de *Bohemian Rhapsody*. Bíodh tagairt agat don dá rannóg i do fhreagra.

1ú difríocht: ______________________________________________

______________________________________________

2ú difríocht: ______________________________________________

______________________________________________

**(10)**



| lch. | iom. reatha |
|---|---|
| | |

**C. 3** Sliocht as *Ceathairéad Pianó Uimh.1* le Gerald Barry, a sheinntear trí huaire.

• Freagair na ceisteanna seo a leanas:


(i) Ainmnigh na huirlisí a sheinntear sa sliocht seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Seinntear an ceol ***mp*** *senza vib*. Mínigh ***mp*** *senza vib*.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Tá breac-scór de na barraí 1-6 den sliocht priontáilte thíos.
Cuir isteach na hamchomharthaí atá ar iarraidh sna barraí 4 agus 5.




(iii) Déan cur síos ar uigeacht an cheoil a chloistear sa sliocht seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iv) Déan cur síos ar dhá shlí a bhfuil an t-ábhar téamach a chloistear sa sliocht seo éagsúil leis an gcéad uair a chloistear é sa cheathairéad seo. Bíodh tagairt agat don dá rannóg i do fhreagra

| | An sliocht seo | An rannóg níos túisce |
|---|---|---|
| 1ú difríocht | | |
| 2ú difríocht | | |

(v) Seachas an uigeacht, déan cur síos ar ghné amháin de stíl Gerald Barry mar a chloistear ina *Cheathairéad Pianó Uimh.1* í.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

**C. 4** Dhá shliocht as Cantáid *Jesu, der du meine Seele* le J.S. Bach.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

(i) Sainaithin an cineál gutha a chloistear sa sliocht seo. ___________________

(ii) Sainaithin dhá ghné de líne an ghutha a chloistear sa sliocht seo.

1. ________________________________________________

2. ________________________________________________

(iii) Sainaithin gné amháin den tionlacan a chloistear sa sliocht seo.

________________________________________________

(iv) Sainaithin an dúnadh a chloistear ag deireadh an tsleachta seo. ______________

(v) Baineadh an sliocht seo as

❒ áiria ❒ reacaireacht ❒ cór

Tabhair cúis le do rogha.

________________________________________________

________________________________________________

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

(vi) Tá an ceol sa sliocht seo níos drámata ná an ceol i Sliocht 1. Mínigh an chúis atá leis sin agus conas a bhaintear amach sa cheol é.

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

**(10)**



| lch. | iom. reatha |
|---|---|
| | |

**Leathanach bán**

**C. 5 Ceol Gaelach.** Freagair **A** agus **B**. Tabhair faoi deara go bhfuil rogha ceisteanna in **B**.

**A.** Cloisfidh tú trí shliocht, gach ceann díobh á sheinm trí huaire.

• Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1.** Véarsa as *An Bonnán Buí.*

(i) Sainaithin an stíl amhránaíochta sa sliocht seo. _______________________________

(ii) Sainaithin trí ghné den stíl amhránaíochta seo mar a chloistear sa sliocht seo iad.

1. ______________________________________________________________

2. ______________________________________________________________

3. ______________________________________________________________

(iii) Is í foirm an véarsa ná ☐ AABB ☐ ABAB ☐ AABA

**Sliocht 2.** Sliocht as *Coinséartó Uí Chearbhalláin.*

(i) Sainaithin trí uirlis éagsúla ar a gcloistear an tséis á seinm sa sliocht seo.

1. _______________ 2. _______________ 3. _______________

(ii) Is gné den cheol sa sliocht seo

☐ 7ach maol ☐ scála mantach ☐ an nóta deireanach athdhéanta

(iii) Deirtear go minic gur sa stíl Bharócach atá *Coinséartó Uí Chearbhalláin*. Sainaithin dhá ghné den cheol a chloistear sa sliocht seo a thacaíonn leis an ráiteas sin.

1. ______________________________________________________________

2. ______________________________________________________________

**Sliocht 3**

Sa sliocht seo, cloistear trí dhamhsa éagsúla bunaithe ar an bhfonn *Drops of Brandy*. I gcás gach ceann acu, sainaithin an cineál damhsa agus tabhair an t-amchomhartha agus barra rithime amháin a bhaineann leis.

| | An cineál damhsa | An t-amchomhartha | Barra rithime |
|---|---|---|---|
| Damhsa 1 | | | |
| Damhsa 2 | | | |
| Damhsa 3 | | | |

**B.** Freagair ceann amháin díobh seo a leanas:

(i) Déan plé ar thraidisiún amhránaíochta na hÉireann.

(ii) Agus tú ag tagairt do stíleanna réigiúnacha, pléigh cuid de na hathruithe a tharla i gceol traidisiúnta na hÉireann san fhichiú haois.

(iii) Déan cur síos ar an gceol a sheinneann grúpa/banna iomráiteach agus ina bhfuil cumasc de cheol traidisiúnta na hÉireann agus de stíl eile cheoil.

(iv) Déan plé ar an méid a chuir duine de na bailitheoirí móra sa 19ú haois le caomhnú cheol traidisiúnta na hÉireann.

Cuir in iúl cén cheist a roghnaigh tú (i) ☐ (ii) ☐ (iii) ☐ (iv) ☐

**(25)**

**C. 6 Scileanna Éisteachta.** Tá an cheist seo bunaithe ar shleachta ceoil as *E.T. Flying Theme* le John Williams.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.


**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

(i) Sainaithin dhá ghné den cheol a chloistear sa sliocht seo.

❒ sioncóipiú ❒ nótaí athdhéanta ❒ athruithe gléis

❒ tríphléadaigh ❒ scálaí suas ar ghaothuirlisí adhmaid ❒ *pizzicato*

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**
**Tá breac-scór de na barraí 1–4 sa sliocht seo priontáilte thíos. Freagair (i) agus (ii).**




(i) Cuir isteach na cúig nóta atá ar iarraidh ag **X** ar an scór.

(ii) Is é an t-amchomhartha atá ar iarraidh ag tús an scóir ná

❒ $\frac{4}{4}$ ❒ $\frac{6}{8}$ ❒ $\frac{3}{2}$

**Sliocht 2, a sheinnfear dhá uair eile. Freagair (iii).**

(iii) Déan cur síos achomair ar dhá ghné den tionlacan, mar a chloistear sa sliocht seo é.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _



| lch. | iom. reatha |
| --- | --- |
| | |

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire.**

Déan cur síos ar dhá dhifríocht idir an ceol a chloistear sa sliocht seo agus an ceol a chloistear i Sliocht 2. Bíodh tagairt agat don dá shliocht i do fhreagra.

| | An sliocht seo | Sliocht 2 |
|---|---|---|
| 1ú difríocht | | |
| 2ú difríocht | | |

**Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire.**

An rannóg dheireanach den *E.T. Flying Theme* le John Williams atá le cloisteáil sa sliocht seo. Déan cur síos ar dhá shlí a n-úsáideann an cumadóir an cheolfhoireann chun ciall do bhuaic a bhaint amach sa sliocht seo.

1. _______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

2. _______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

**(20)**

**Tá trí nóiméad agat chun an scrúdpháipéar a chríochnú.**

# SRACOBAIR

# SRACOBAIR

## SRACOBAIR

# SRACOBAIR

**Leathanach bán**